



Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

TransformED NI:
Transforming Teaching and Learning



Ceisteanna Níos Fearr a Chur don Fhoghlaim: *Teicnící le Smaointeoireacht agus Tuiscint níos Doimhne a Spreagadh*



CEISTEANNA NÍOS FEARR A CHUR DON FHOGHLAIM: TEICNÍCÍ LE SMAOINTEOIREACHT AGUS TUISCINT NÍOS FEARR A SPREAGADH

Le InnerDrive

Níl achan cheist mar an gcéanna. Scrúdaíonn roinnt acu an cumas dromchlach le heolas a thabhairt ar ais chun cuimhne, ach bíonn cinne eile ag spreagadh réasúnaíochta atá níos doimhne, spreagann siad an machnamh gan mhoill agus léiríonn siad míthuiscintí. Ní hamháin go bhfuil sé mar acmhainn ag ceisteanna agus tráthanna na gceist ar mhaithe leis an fhoghlaim a mheas; thig leo borradh a chur fúithi fosta.

San alt seo, amharctar ar chineálacha éagsúla ceisteanna agus ar uainiú na gceisteanna sin, agus amharctar níos doimhne ar an dóigh ar féidir le ceisteanna ilrogha cuidiú le foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

CINEÁLACHA ÉAGSÚLA CEISTEANNA

Tá trí chineál ceisteanna ranga ann atá cumhachtach:

1. Réamhcheisteanna

Cuirtear na ceisteanna seo sula dtosaíonn na daltaí ar an ábhar nua a fhoghlaim. Ní hí an sprioc an réamheolas s'acu a thástáil, ach lena n-aird a ullmhú agus le cur leis an chuimhne s'acu. I bpríomhstaidéar, fuair Carpenter agus Toftness (2017) go raibh sé níos dóchúla go raibh cuimhne ag daltaí ar an phríomheolas níos moille anonn más ea gur cuireadh ceisteanna orthu sular fhoghlaim siad an ábhar.

Tá roinnt teoiricí ann a bhaineann le cad chuige a mbeadh réamhcheisteanna ina mbuntáiste. Thug roinnt acu aird ar chumhacht an tuartha i bpróiseas na foghlama (Brod, 2021), ach thug daoine eile fá deara go mb'fhéidir go bhfuil ról ag 'Éifeacht an Hipearcheartúcháin', a chuireann síos ar an dóigh go bhfuil sé níos dóchúla go mbeadh cuimhne againn ar eolas a fuair muid contráilte go muiníneach roimhe seo (Metcalf, 2017). Ar deireadh, maíonn staidéar a rinneadh le déanaí go mb'fhéidir go gcuidíonn réamhcheisteanna linn aird na ndaltaí a fheabhsú, ós rud é go léiríonn siad do dhaltaí cé acu eolas ar chóir dóibh díriú air le linn an cheachta (Soderstrom agus Bjork, 2023).



2. Ceisteanna maighdeoige

Is ceisteanna gasta fócasaithe iad seo a chuirtear ag pointí tábhachtacha ina mbíonn casadh ann le linn ceachta, go minic sa lár. Is é an chéad rud eile a dhéanann an múinteoir ná casadh chuig rud éigin eile, bunaithe ar na freagraí. Leagann William agus Leahy (2015) béim ar an ghá atá le ceisteanna maighdeoige a bheith gairid agus sainiúil le bheith ina gceisteanna maithe, agus ba chóir go dtabharfadh siad aischothú ag an am. Is minic go ndéantar iad i bhformáid ilrogha, bíonn siad ag léiriú míthuiscintí agus is minic a chuidíonn siad le múinteoirí a roghnú an ea go mbogfaidh siad ar aghaidh chuig an chéad chuid eile den cheacht, nó an ndéanfaidh siad an ábhar a theagasc arís.

3. Ceistiú ilchasta

Baineann an teicníc seo le hiarraidh ar dhaltaí a míniú a thabhairt ar an fháth a bhfuil fíric nó coincheap fíor. Spreagann sé iad le réamheolas. Spreagann sé iad nascanna a dhéanamh le réamheolas. Fuair staidéar ceannródaíoch le Pressley et al. (1987), is é gur cuireadh go suntasach le cuimhne agus tuiscint má cuireadh ceisteanna “cén fáth” ar dhaltaí. Ach cuidiú leis na daltaí an t-eolas nua a nascadh le hábhair atá foghlamtha acu cheana féin, cuidítear leo an chuimhne s’acu a neartú agus tacaítear leis an fhoghlaim níos doimhne.

ILROGHA: NÍOS MÓ NÁ MEASÚNACHT

Is minic a mbaintear úsáid as ceisteanna ilrogha (CIR) don tástáil, ach, má dheartar go maith iad, is féidir iad a úsáid fosta le tacú leis an fhoghlaim (Marsh et al., 2007). I staidéar barrthábhachtach a rinneadh sa réimse seo, díriodh aird ar roinnt buanna ar féidir le múinteoirí iad a úsáid le caighdeán na gceisteanna ilrogha a fheabhsú ar mhaithe le borradh a chur faoi fhoghlaim na ndaltaí (Butler, 2018). Tá an méid seo a leanas i measc na leideanna:

- *Seachain ceisteanna nó formáidí freagraí atá casta* - Nuair a bhíonn rudaí róchasta, thig le míthuiscintí a bheith mar thoradh ar na ceisteanna s’agat, agus thiocfadh le daltaí a bheith ag tabhairt buillí faoi thomhas. Fríd an fhoráid a choinneáil simplí, éiríonn siad níos inbhraite mar mhodh measúnachta ar an mhéid atá ar eolas ag na daltaí, nó nach bhfuil.
- *Seachain “Ceann ar bith acu thuas” agus/nó “Achan cheann acu thuas” a úsáid mar fhreagraí féideartha* - Is é an fhadhb is mó le “Ceann ar bith acu” ná, más é sin an freagra ceart, ciallaíonn sin gur tugadh cuid

mhór freagraí contráilte don fhoghlaim. Ar an ábhar sin, ciallaíonn sé seo gur cailleadh amach ar dheis leis an fhreagra cheart a threisiú.

B'fhéidir go mbeadh *“Achan cheann acu”* ina chuidiú nuair is é sin an freagra ceart, mar a mhíníonn Butler, *“ní thugtar ach eolas ceart don fhoghlaim”*. Ach é sin ráite, amharctar air mar rogha lag fá choinne freagra go fóill (DiBattista et al, 2014).

- *Smaoinigh go cúramach ar líon na roghanna fá choinne freagra* – Muna dtugtar ach dhá rogha fá choinne freagra (.i. A nó B), ní bhíonn ar dhaltáí smaoineamh go han-chrua le ráta ard ratha a bhaint amach. Os a choinne sin, má thugann tú barraíocht roghanna fá choinne freagra, cé go mbeadh iarracht mhór de dhíth le heolas a thabhairt chun chuimhne, beidh cuid mhór ama de dhíth le dul fríd achan cheist. Ar an ábhar sin, moltar 3 nó 4 rogha a úsáid fá choinne freagra, atá mar scothspota agus ceisteanna ilrogha á n-úsáid agat leis an fhoghlaim a fheabhsú.
- *Déan cinnte de go dtugann tú aischothú ar na freagraí cearta*- I dtaca le haischothú a thabairt do dhaltáí, thug taighdeoirí fá deara an méid seo: *“rabhadh amháin atá tábhachtach le lua ná go mbíonn éifeachtúlacht an aischothaithe ag brath ar na páistí a bheith spreagtha lena phróiseáil, agus bíonn an claonadh ann go laghdaítear an spreagadh s’acu thar am.”* Mar sin de, má bhíonn moill ar an aischothú, bheadh sé ciallmhar céimeanna a ghlacadh lena chinntiú: *“go mbíonn ar dhaltáí é a phróiseáil, nó go mbíonn siad spreagtha lena dhéanamh.”*

SMAOINTÍ DEIREANACHA

Ní hionann an rud é ceisteanna níos fearr a chur agus ceisteanna a chur atá níos casta; bíonn ar an mhúinteoir na cinn chearta a chur ag an am cheart. Ní bhaineann sé amháin le líon (cé go dtig le ról a bheith aige sin); ach baineann sé leis an chaighdeán chomh maith. Bíodh is gur fríd réamhcheist a lasann splanc na fiosracha, ceisteanna don chasadh a aithníonn tuiscint na ndaltaí, nó ceist ag an deireadh a spreagann an míniúchán, thig leis an cheistiúchán éifeachtach an fhoghlaim a chlaochlú.

Bíonn ceisteanna ilrogha ábalta cuidiú leis seo. Is féidir iad a chur, a fhreagairt agus a mharcáil go gasta. Agus chomh maith leis sin, má dhéantar iad a dhearadh ar bhealach cliste tuisceanach, thiocfadh le ceisteanna ilrogha cuidiú le cinnte a dhéanamh de go mbíonn daltaí ag smaoineamh fán ábhar.

TAGAIRTÍ

Brod, G. (2021). Predicting as a learning strategy. *Psychonomic Bulletin & Review*, 28(6), 1839–1847. <https://doi.org/10.3758/s13423-021-01904-1>

Butler, A. C. (2018). Multiple-Choice testing in education: Are the best practices for assessment also good for learning? *Journal of Applied Research in Memory and Cognition*, 7(3), 323–331. <https://doi.org/10.1016/j.jarmac.2018.07.002>

Carpenter, S. K., & Toftness, A. R. (2017). The effect of prequestions on learning from video presentations. *Journal of Applied Research in Memory and Cognition*, 6(1), 104–109. <https://doi.org/10.1016/j.jarmac.2016.07.014>

DiBattista, D., Sinnige-Egger, J.-A., & Fortuna, G. (2014). The “none of the above” option in multiple-choice testing: An experimental study. *The Journal of Experimental Education*, 82(2), 168–183. <https://doi.org/10.1080/00220973.2013.795127>

Marsh, E. J., Roediger, H. L., Bjork, R. A., & Bjork, E. L. (2007). The memorial consequences of multiple-choice testing. *Psychonomic Bulletin & Review*, 14(2), 194–199. <https://doi.org/10.3758/bf03194051>

Metcalf, J. (2017). Learning from errors. *Annual Review of Psychology*, 68(1), 465–489. <https://doi.org/10.1146/annurev-psych-010416-044022>

Pressley, M., McDaniel, M. A., Turnure, J. E., Wood, E., & Ahmad, M. (1987). Generation and precision of elaboration: Effects on intentional and incidental learning. *Journal of Experimental Psychology: Learning, Memory, and Cognition*, 13(2), 291–300. <https://doi.org/10.1037/0278-7393.13.2.291>

Soderstrom, N. C., & Elizabeth Ligon Bjork. (2023). Pretesting enhances learning in the classroom. *Educational Psychology Review*, 35(3). <https://doi.org/10.1007/s10648-023-09805-6>